Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0103 (COD)**

**8342/18**
**ADD 1**

**COMPET 245**
**CHIMIE 23**
**ENFOPOL 186**
**ENV 254**
**MI 288**
**ENT 77**
**UD 87**
**CODEC 634**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 209 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 209 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2018) 209 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.4.2018
COM(2018) 209 final

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán**

{SWD(2018) 104 final} - {SWD(2018) 105 final}

## IARSCRÍBHINN I – RÉAMHTHEACHTAITHE PLÉASCÁN ATÁ SRIANTA

Substaintí nach gcuirfear ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne, bíodh sin ar leithligh nó mar chuid de mheascáin nó de shubstaintí eile ina bhfuil siad, ná nach dtabharfaidh daoine den phobal isteach, nach mbeidh ina seilbh ag daoine den phobal ná nach n-úsáidfidh daoine den phobal, ach amháin más ionann an tiúchan agus na luachanna teorann a leagtar amach i gcolún 2, nó más ísle ná na luachanna sin é.

| 1. Ainm na substainte agus Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS RN) | 2. Luach teorann | 3. Luach teorann uachtarach chun críche ceadúnúchán faoi Airteagal 5(3) | 4. Cód Ainmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh comhdhúil leithleach atá sainithe go ceimiceach a chomhlíonann ceanglais Nóta 1 a ghabhann le Caibidil 28 nó Caibidil 29 de CN, ( 1 ) | 5. Cód Ainmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh meascán gan chomhábhair (e.g. mearcair, miotail lómhara nó miotail tearc-chré nó substaintí radaighníomhacha) lena gcinnfí an t-aicmiú faoi chód CN eile ( 1 ) |
|---|---|---|---|---|
| Aigéad nítreach (CAS RN 7697-37-2) | 3 % w/w | 10 % w/w | ex 2808 00 00 | ex 3824 99 96 |
| Sárocsaíd hidrigine (CAS RN 7722-84-1) | 12 % w/w | 35 % w/w | 2847 00 00 | ex 3824 99 96 |
| Aigéad sulfarach (CAS RN 7664-93-9) | 15 % w/w | 40 % w/w | ex 2807 00 00 | ex 3824 99 96 |
| Nítrimeatán (CAS RN 75-52-5) | 16 % w/w | 40 % w/w | ex 2904 20 00 | ex 3824 99 92 |
| Níotráit amóiniam (CAS RN 6484-52-2) | 16 % de réir meáchan nítrigine i gcomparáid le níotráit amóiniam ( 2 ) | N/B | 3102 30 10 (i dtuaslagán uiscí)<br>3102 30 90 (eile) | ex 3824 99 96 |
| Clóráit photaisiam (CAS RN 3811-04-9) | 40 % w/w | N/B | ex 2829 19 00 | ex 3824 99 96 |
| Sárchlóráit photaisiam (CAS RN 7778-74-7) | 40 % w/w | N/B | ex 2829 90 10 | ex 3824 99 96 |
| Clóráit sóidiam (CAS RN 7775-09-9) | 40 % w/w | N/B | 2829 11 00 | ex 3824 99 96 |
| Sárchlóráit sóidiam (CAS RN 7601-89-0) | 40 % w/w | N/B | ex 2829 90 10 | ex 3824 99 96 |

( 1 ) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/1925 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 282, 31.10.2017, lch. 1). Ba cheart leasuithe ina dhiaidh sin ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2658/87 a cheadú maidir le cóid CN nuashonraithe.

( 2 ) Ní fhéadfar níotráit amóiniam a chur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne, ná ní fhéadfaidh daoine den phobal i gcoitinne í a thabhairt isteach, í a bheith ina seilbh acu ná í a úsáid, bíodh an níotráit amóiniam sin ar leithligh nó i meascáin nó i substaintí eile, ach amháin i dtiúchan is ísle ná 16% de réir meáchan nítrigine i gcomparáid le níotráit amóiniam.

## IARSCRÍBHINN II – RÉAMHTHEACHTAITHE PLÉASCÁN INTUAIRISCITHE

Substaintí, ar leithligh nó i meascáin, nach mór idirbhearta amhrasacha a bhaineann leo a thuairisciú

| 1. Ainm na substainte agus Uimhir Chláraithe Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS RN) | 2. Cód Ainmníochta Comhcheangailte (CN) ( 1 ) | 3. Cód Ainmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh meascáin gan chomhábhair (e.g. mearcair, miotail lómhara nó miotail tearc-chré nó substaintí radaighníomhacha) lena gcinnfí an t-aicmiú faoi chód CN eile ( 1 ) |
|---|---|---|
| Heicsimín (CAS RN 100-97-0) | ex 2933 69 40 | ex 3824 99 93 |
| Aicéatón (CAS RN 67-64-1) | 2914 11 00 | ex 3824 99 92 |
| Níotráit photaisiam (CAS RN 7757-79-1) | 2834 21 00 | ex 3824 99 96 |
| Níotráit sóidiam (CAS RN 7631-99-4) | 3102 50 00 | ex 3824 99 96 |
| Níotráit chailciam (CAS RN 10124-37-5) | ex 2834 29 80 | ex 3824 99 96 |
| Níotráit amóiniam chailciam (CAS RN 15245-12-2) | ex 3102 60 00 | ex 3824 99 96 |
| Maignéisiam, *púdair* (CAS RN 7439-95-4) ( 2 ) ( 3 ) | ex 8104 30 00 | |
| Heicsihiodráit níotráit mhaignéisiam (CAS RN 13446-18-9) | ex 2834 29 80 | ex 3824 99 96 |
| Alúmanam, *púdair* (CAS RN 7429-90-5) ( 2 ) ( 3 ) | 7603 10 00<br>ex 7603 20 00 | |

( 1 ) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/1925 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 282, 31.10.2017, lch. 1). Ba cheart leasuithe ina dhiaidh sin ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2658/87 a cheadú maidir le cóid CN nuashonraithe.

( 2 ) Ar lú ná 200 µm na cáithníní iontu.

( 3 ) Mar shubstaint nó i meascáin ina bhfuil 70% nó níos mó, de réir meáchain, alúmanaim agus/nó maignéisiam.

## IARSCRÍBHINN III – FORMÁID CHEADÚNAIS

Formáid le haghaidh doiciméad a chruthaíonn ceadúnas a bheith ag duine den phobal i gcoitinne chun réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a fháil, a thabhairt isteach, a shealbhú nó a úsáid, dá dtagraítear in Airteagal 6(7).

| |
|---|
| **1. Duine den phobal i gcoitinne (Ainm agus seoladh)**<br>Ainm:<br>Uimhir Doiciméid Aitheantais:<br>Seoladh:<br>Tír:<br>Teileafón:<br>Seoladh Ríomhphoist: |
| **2. Uimhir Cheadúnais:** |
| **3. Ceadúnas le haghaidh úsáid amháin nó úsáid iolrach** *cuir tic leis an rogha chuí*<br><br>( ) ceannach, tabhairt isteach, sealbhú agus úsáid aonair réamhtheachtaí atá srianta<br>ainm an réamhtheachtaí nó na réamhtheachtaithe:<br>uasmhéid:<br>uastiúchan:<br>úsáid cheadúnaithe:<br>( ) ceannach, tabhairt isteach, sealbhú agus úsáid iolrach réamhtheachtaí atá srianta<br>ainm an réamhtheachtaí nó na réamhtheachtaithe:<br>uasmhéid atá á shealbhú ag am ar bith:<br>uastiúchan:<br>úsáid cheadúnaithe: |
| **4. Murab ionann é agus an seoladh i mbosca 1 agus má cheanglaítear é faoin dlí náisiúnta, an seoladh ag**<br>**a stórálfar an réamhtheachtaí nó na réamhtheachtaithe**<br>Seoladh: |
| **5. Murab ionann é agus an seoladh i mbosca 1 agus má cheanglaítear é faoin dlí náisiúnta, an seoladh ag**<br>**a n-úsáidfear an réamhtheachtaí nó na réamhtheachtaithe:**<br>Seoladh: |
| **6. Toiliú i scríbhinn i leith réamhtheachtaí nó réamhtheachtaithe atá srianta i mbloc 3 a cheannach, a thabhairt isteach, a shealbhú agus a úsáid ó [ainm tíre]:**<br><br>Ainm an údaráis inniúil:<br>Bailí ó: ________ go dtí: ________________<br><br>Ceanglais speisialta is infheidhme maidir leis an gceadúnas seo:<br>( ) Is ann dóibh: níl an ceadúnas seo bailí ach amháin i gcomhréir leis na ceanglais speisialta a ghabhann leis<br>an gceadúnas seo<br>( ) Ní ann dóibh<br><br>Stampa agus/nó síniú: |